Fáiltíonn Cúnamh Éireann, sa Roinn Gnóthaí Eachtracha romhat

AN DOMHAN A THABHAIRT ISTEACH I DO SCOIL!

Le Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann

Eolas don Príomhoide



Our World IRISH AID AWARDS

PÁIRTÍ SNA MEÁIN

THE IRISH TIMES irishtimes.com

Irish Aid
Department of Foreign Affairs
An Roinn Gnóthaí Eachtracha

CAD É CLÁR GRADAM ÁR NDOMHAN CHÚNAMH ÉIREANN?

Tá an clár gradam anois sa chúigiú bliain agus tá sé oscailte do pháistí atá 8-13 bliain d'aois (7-18 bliain d'aois i scoileanna riachtanas speisialta) ar fud na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an gclár cur le tuiscint na ndaltaí ar an ndomhan atá i mbéal a forbartha trí taithí a fháil ar shaol pháistí sa chuid sin den domhan, ag múineadh do pháistí na hÉireann faoina ndomhan féin chomh maith céanna. Glacfar le tionscnaimh atá curtha le chéile ag beirt dalta, ag grúpa, ag rang, nó ag scoil iomlán.

Grace Makene atá ocht mbliana d'aois sa seomra ranga. Tá na ranganna roinnte i ndá sheal chun freastal ar an líon mór daltaí a thagann ar scoil anseo. Cuirtear tús le seal scoile Grace ag 9r.n. agus críochnaíonn sé ag 2i.n.

CÉN FÁTH GUR FIÚ PÁIRT A GHLACADH?

De réir mar a éiríonn an domhan níos lú is ea is tábhachtaí fós go dtuigfimis an saol atá á chur síos ag ár gcomh-shaoránaigh dhomhanda, go mórmhór iadsan sa domhan atá i mbéal a forbartha. Bronnfar plaic 'Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann' – plaic gur féidir a chrochadh sa scoil - mar aitheantas ar a gcuid saothair ar scoileanna a léiríonn tuiscint ar leith ar shaincheisteanna an chláir. Aithneofar iadsan a léiríonn go dtuigeann siad go smior na saincheisteanna - agus a chruthaíonn rud fiúntach as an dtuiscint sin - ag searmanas bronnta gradam iontach i mBaile Átha Cliath. Ghlac na céadta scoileanna páirt anuraidh agus bhain idir mhúinteoirí agus páistí an-sult go deo as!

CAD A BHEIDH LE FOGHLAIM AG NA PÁISTÍ?

I gcomhar le roinnt mhaith eagraíochtaí Éireannacha (nach eagraíochtaí rialtais iad) agus cumainn charthanachta, oibríonn Cúnamh Éireann go dian in aghaidh na bochtaineachta i mbreis is 90 de na tíortha is dearóla ar domhan.

Déantar é seo trí thionscnaimh agus cláir a bhfuil mar aidhm acu 8 Sprioc Fhorbartha na Mílaoise (SFM) a bhaint amach roimh 2015. Díríonn na Spriocanna seo ar deireadh a chur le bochtaineacht agus caighdeán beatha a fheabhsú do chách. Sé téama na nGradam i mbliana ná 'Ocras inár nDomhan', téama a bhaineann go mór le SFM a hAon.

Nuair a chláraíonn tú do scoil le Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann, gheobhaidh tú paca eolais faoi Spriocanna Forbartha na Mílaoise, agus go háirithe faoin bhfeachtas in aghaidh an ocrais dhomhanda.

AN MBEIDH SÉ SEO ÚSÁIDEACH DO MHÚINTEOIRÍ I SEOMRA RANGA ATÁ GNÓTHACH CHEANA FÉIN?

Tá ábhar agus téamaí na ngradam in oiriúint le haghaidh múineadh roinnt mhaith de shnáithe an churaclaim i mbunscoileanna ó thuaidh agus ó dheas, do ranganna OSPS, Tíreolas, Eolaíocht, na hAmharcealaíona, Ceol, Oideachas Reiligiúin/Curaclam Eiticiúil, Drámaíocht, forbairt phearsanta, cúrsaí teanga, agus cuid mhaith eile.

CÉN SLÍ INA BHFUIL AN TIONSCNAMH SEO ÉAGSÚIL Ó CHINN EILE?

Féadfaidh na daltaí tionscnamh a chur i láthair sa mheán is fearr leo féin. 'Siad príomhghnéithe na nGradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann ná: an fócas atá ar fhorbairt dhomhanda; go n-iarrtar ar dhaltaí tionscnamh fiúntach a chruthú de thoradh ar an méid atá foghlamtha acu; agus an t-eolas sin a chur ar fáil do phobal eile taobh istigh no lasmuigh den scoil.

CAD MAR SHAMPLA A CHRUTHÓDH NA PÁISTÍ DO NA GRADAIM?

Is féidir leis bheith mar phictiúr, léaráid, póstaer, colláis nó fríos. D'fhéadfadh siad scannán a dhéanamh, leabhrán a ullmhú, quiz a chumadh, agallamh a dhéanamh, suirbhé a chur le chéile, mionsamhail a dhéanamh, amhrán a scríobh - ar ndóigh glacfar le haon rud in aon mheán ach teachtaireacht faoi fhorbairt dhomhanda a bheith ann.

Níl aon teorainn ort ach do shamhlaíocht féin!

CAD A THARLAÍONN ANSIN LE TIONSCNAIMH NA BPÁISTÍ?

Déantar measúnú ar ghach iontráil ó thaobh cruthaitheachta, tuiscint ar an ábhar, agus an dul i bhfeidhm a bhaineann leis.

- Gheobhaidh na tionscnaimh a léiríonn cruthaitheacht agus tuiscint mhaith ar an ábhar plaic 'Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann'.
- Tabharfar cuireadh do idir 10 agus 15 tionscnamh freastal ar searmanas i mBaile Atha Cliath, áit a mbronnfar gradaim orthu. Iad seo na tionscnaimh a léiríonn cruthaitheacht agus tuiscint ar an ábhar a mheastar a bheith iontach maith.
- Bronnfar an trófaí 'Clár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann' ar thionscnamh amháin a mheastar a bheith ar fheabhas.

Seo oide Robert Baluku le rang bunscoile 3, Kasese, Uganda, 2008.

Is é Cúnamh Éireann clár oifigiúil cabhrach na hÉireann do thíortha atá ag forbairt. De réir tuarascáil a d'fhoilsigh an OECD le déanaí (2009), áirítear clár cabhrach na hÉireann i measc na gclár is fearr ar domhan.

Oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais is le heagraíochtaí forbartha i mbreis is 90 tír ar fud an domhain. Cuirtear cúnamh ar fáil san háiteanna ina mbíonn géarghá leis. Nuair a thárlaíonn tubaiste daonna tugann Cúnamh Éireann cúnamh práinneach chun beatha a chosaint trí airgead is cabhair a sholáthar d'eagraíochtaí ar an láthair. Tá an mhórchuid d'obair Chúnamh Éireann, áfach, dírithe ar fhorbairt fhadthréimhseach, go háirithe i naoi dtír áirithe (ar a dtugtar *programme countries*). Sna tíortha sin, oibríonn Cúnamh Éireann le rialtais agus le gníomhaireachtaí eile chun dul i ngleic leis na cúiseanna bunúsacha a ghineann bochtaineacht agus míchothromacht.

Tá sé éasca páirt a ghlacadh sa chlár. Comhlánaigh an fhoirm thíos le do thoil chun clárú le haghaidh do DVD agus paca eolais faoi Chlár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann. Abair linn leis más maith leat cuairt ó bhall d'fhoireann tacaíochta na ngradam. (Tá cuairt mar seo ar fáil do scoileanna atá ag glacadh páirt sa chlár gradam don chéad uair i mbliana).

Seol an fhoirm seo le do thoil go:
Real Events, Cúirt na hArdeaglaise, Fumbally Lane, Baile Átha Cliath 8.
Breis eolais: téir go www.irishaid.gov.ie/ourworld
nó glaoigh ar 01 522 4800, fax 01 522 4809
nó rphost ourworld@realevents.ie.

AINM NA SCOILE_____

SEOLADH_____

UIMHIR ROLLA NA SCOILE_____

TEILEAFÓN/RPHOST _____

PRÍOMHOIDE/CEANN NA SCOILE_____

MÚINTEOIR RANGA_____

Is mian linn páirt a ghlacadh i gClár Gradam Ár nDomhan Chúnamh Éireann leis na ranganna seo a leanas:

Rang a Trí ◯ Rang a Ceathair ◯ Rang a Cúig ◯ Rang a Sé ◯

Tuaisceart Éireann 5ú Bliain ◯ 6ú Bliain ◯ 7ú Bliain ◯

Cur tic anseo le do thoil más mian leat go dtabharfadh duine dár bhfoireann cuairt ort chun cabhrú leat an clár a thosnú i do scoil. Is gá clárú go luath chuige seo. ◯

Cuir tic anseo más mian leat an paca d'fháil as Gaeilge ◯

Luaigh le do thoil conas a chuala tú AR DTÚS faoin gclár

An bróisiúr seo ◯ Iar-Iomaitheoir ◯

Teilifís/Raidió/Alt Nuachtáin ◯ Fógra ◯ Bileoigín Inseirbhíse ◯

De bhriathar béil ◯ Eile (luaigh le do thoil) _____

SÍNIÚCHÁN AN PHRÍOMHOIDE _____ DÁTA _____